


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na hEolaíochta UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil na Ceimice UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** | **Oifigeach Teicniúil** |
| **Tréimhse an Phoist:** | **Buan** |
| **Grád:** | Oifigeach Teicniúil |
| **Bainisteoir Líne:** | Príomhoifigeach Teicniúil agus a (h)ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019118 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Yasemin Ozdemir |

**Achoimre ar an bPost:**

Is mian le Scoil na Ceimice, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath Oifigeach Teicniúil a cheapadh. Is post buan, lánaimseartha é seo atá lonnaithe i Scoil na Ceimice in Ionad Eolaíochta Uí Bhriain ar Champas Belfield UCD.

Tá rannóg taighde mór le rá ag Scoil na Ceimice le breis agus 30 ball foirne, 100 mac léinn taighde agus 20 taighdeoir iardhochtúireachta ag obair ann. Freisin, cuirimid trí Chéim Onóracha BSc ar fáil: BSc sa Cheimic; BSc sa Cheimic Leighis & Bitheolaíocht Cheimiceach, agus BSc sa Cheimic le Ceimic Inbhuanaithe agus Chomhshaoil; tá dhá chlár Máistreachta ann agus modúil i gcúpla clár eile in UCD.

Is mian leis an Scoil Oifigeach Teicniúil a cheapadh chun tacú le clár teagaisc na Scoile agus a ngníomhaíochtaí teagaisc.

Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Teicniúil tacaíocht a sholáthar d'oibriú agus do chothabháil trealaimh taighde saotharlainne na Scoile. Déanfaidh siad le Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPs) a fhorbairt chun sábháilteacht a chinntiú, cuirfidh siad an fhoireann agus taighdeoirí oiliúint i mbailiú agus ionramháil sonraí; feidhmeoidh siad freisin mar stór eolais agus mar theagmhálaí Scoile maidir le cothabháil, oibriú sábháilte, agus fabhtcheartú na hionstraimíochta. Beidh ról tacaíochta i gceist freisin i bhfabhtcheartú crua-earraí agus bogearraí.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Scileanna Teicniúla:**

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- A choinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh agus éadaí cosanta mar chuid den ghnáthamh ó lá go lá

- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éisteacht agus déileáil go tuisceanach agus go foighneach le daoine eile.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

**Riachtanais Seirbhíse:**

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht:**

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a athrú de réir mar is cuí

**Sainiúil don phost seo:**

- Cothabháil, calabrú agus fabhtcheartú a dhéanamh ar raon ionstraimí taighde (mar sh. Gléas fisea-asaithe ard-speictrimeolaíochta, trealamh infridhearg, trealamh crómatagrafaíochta saotharlainne-bhunaithe, íonaitheoirí tuaslagóra tirime, agus gléis eile sa Scoil)
- Tacaigh le gníomhaíocht taighde na Scoile trí thacaíocht theicniúil agus oiliúint a sholáthar do bhaill foirne, do mhic léinn, agus do thaighdeoirí maidir le hoibriú ionstraimí, anailís samplaí, agus nósanna imeachta cothabhála
- Comhordú agus seiceálacha cothabhála coisctheacha agus sábháilteachta rialta a dhéanamh ar threalamh saotharlainne, lena n-áirítear fardal a choinneáil agus páirteanna agus tomhaltáin a ordú de réir mar is gá le haghaidh cothabháil trealaimh agus a chinntiú go gcomhlíonann na hionstraimí uile caighdeáin sábháilteachta agus rialála (mar sh. OSHA, EPA, beartais institiúideacha)
- Gníomhú mar phríomhtheagmhálaí do sholáthraithe ionstraimí, teicneoirí seirbhíse, agus bainistíocht conarthaí barántais/seirbhíse do raon ionstraimíochta, ag cinntiú go bhfanann an ionstraimíocht cothrom le dáta.
- Taifid mhionsonraithe a choinneáil ar chothabháil, ar dheisiúcháin agus ar chalabrú chun críocha

comhlíontachta agus iniúchóireachta.

- Cúnamh a thabhairt le cur i bhfeidhm agus le socrú ionstraimí agus trealaimh nua saotharlainne.
- Cúnamh a thabhairt le bainistíocht rochtana ar threalamh d'úsáideoirí Scoile agus seachtracha.
- Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPs), measúnuithe riosca, agus doiciméid tacaíochta teicniúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'ionstraimíochta agus trealaimh na Scoile.

**Scála Tuarastail 95 Oifigeach Teicniúil_2013 (7915): €47,261 - € 61,932 in aghaidh na bliana.**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí faoi incháilitheacht chun dul san iomaíocht agus eolas pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

**Critéir Roghnúcháin**

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Onóracha (do dhaoine a thosaigh in UCD i ndiaidh mhí na Samhna 2006); Dioplóma NCEA nó a chomhionann (daoine a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006)
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar chuid de thimpeallacht foirne
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí
- Taithí ar úsáid bogearraí trialacha
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta de réir mar a bhaineann sí le hobair shaotharlainne
- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Eolas ar phrionsabail agus ar mheicnic oibríochta réimse leathan ionstraimíochta ceimiceach
- Ardleibhéal inniúlachta ar chúrsaí TF
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathrú in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Caithfidh iarrthóirí feasacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht saotharlainne nó ceardlainne
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Eolas ar Dhea-Chleachtais Saotharlainne (GLP) agus ar Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin (SOPs)
- Taithí i gcothabháil agus i mbainistíocht ionstraimíochta eolaíochta ar scála mór agus casta/ilchodach, lena n-áirítear bogearraí oibríochta agus riachtanais stórála sonraí.
- Eolas láidir ar chórais oibriúcháin éagsúla (Windows, Linux, macOS), bogearraí a chur i bhfeidhm agus tacaíocht a thabhairt dóibh.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| Coláiste na hEolaíochta UCD: | https://www.ucd.ie/science/ |
| Scoil na Ceimice UCD: | https://www.ucd.ie/chem/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | An tOllamh James Sullivan |
| Teideal: | Ceann Scoile, Scoil na Ceimice UCD |
| Seoladh r-phoist: | james.sullivan@ucd.ie |
| Fón: | (01) 716 2135 |

| | |
|---|---|
| Ainm: | An Dr. Yannick Ortin |
| Teideal: | Príomhoifigeach Teicniúil, Scoil na Ceimice UCD |
| Seoladh r-phoist: | yannick.ortin@ucd.ie |
| Fón: | (01) 716 2443 |